AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 21.2.2014
COM(2014) 107 final

2011/0409 (COD)

**TEACHTAIREACHT ÓN gCOIMISIÚN**
**CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA**

**de bhun Airteagal 294(6) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh**

**maidir leis an**

**seasamh ón gComhairle maidir le Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le leibhéal fuaime mótarfheithiclí a ghlacadh**

GA GA

2011/0409 (COD)

**TEACHTAIREACHT ÓN gCOIMISIÚN**
**CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA**

**de bhun Airteagal 294(6) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh**

**maidir leis an**

**seasamh ón gComhairle maidir le Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le leibhéal fuaime mótarfheithiclí a ghlacadh**

## 1. CÚLRA

| | |
|---|---|
| An dáta a seoladh an togra chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle (doiciméad COM(2011)856 final –2011/0409 (COD)): | 9 Nollaig 2011. |
| Dáta na tuairime ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa: | 25 Aibreán 2012. |
| Dáta na tuairime ó Pharlaimint na hEorpa ag an gcéad léamh: | 6 Feabhra 2013. |
| An dáta a glacadh an seasamh ón gComhairle: | 20 Feabhra 2014. |

## 2. CUSPÓIR AN TOGRA ÓN gCOIMISIÚN

Is é is aidhm don togra ón gCoimisiún luachanna teorainneacha torainn a ísliú in dhá chéim de 2 dB(A) an ceann do ghluaisteáin paisinéirí, veaineanna, busanna agus cóistí. I gcás trucailí is laghdú 1 dB(A) a dhéanfaí sa chéad chéim agus laghdú 2 dB (A) sa dara céim. Ba cheart an chéad chéim teacht i bhfeidhm dhá bhliain tar éis fhoilsiú an téacs san Iris Oifigiúil agus meastar gur idir cúig agus seacht mbliana i ndiaidh an fhoilsithe a thiocfaidh an dara céim i bhfeidhm.

Ina theannta sin, tá modh tástála nua á thabhairt isteach, a bheidh níos ionadaíche ar thrácht uirbeach agus atá aitheanta go hidirnáisiúnta i gcreat Choimisiún Eacnamaíochta na Náisiún Aontaithe don Eoraip (UNECE).

Ar deireadh, tá sé beartaithe rogha a bheith ann feistí ginte fuaime (ar a dtugtar "AVAS") a fheistiú ar fheithiclí leictreacha agus leictreacha hibrideacha rud a d'fhágfadh gurbh fhusa do choisithe agus do rothaithe iad a thabhairt faoi deara

Níor athraíodh teorainneacha astaíochtaí torainn ó bhí 1996 ann, in ainneoin mhéadú na tráchta. Déanfaidh an togra ón gCoimisiún laghdú mór ar na leibhéil de thorann timpeallachta agus táthar ag súil le laghdú 25% ar líon na ndaoine a bhíonn an-chráite ag an torann sin.

## 3. BARÚLACHA MAIDIR LEIS AN SEASAMH ÓN gCOMHAIRLE

### 3.1. Tráchtaí ginearálta

Tá fáilte ag an gCoimisiún roimh an gcomhaontú polaitiúil maidir le téacs comhréitigh ar tháinig an Chomhairle agus coiste ENVI na Parlaiminte air an 9 Nollaig 2013. Ó tharla chéad léamh sheasamh na Comhairle bheith glactha, ba cheart go bhféadfaí an téacs a ghlacadh go

críochnaitheach i rith an téarma reachtaigh reatha. Is tábhachtach an modh tástála nua a chur i bhfeidhm a luaithe is féidir, óir is ionadaíche é agus is mó a chuid aitheantais idirnáisiúnta. Ina theannta sin, maidir leis na teorainneacha torainn, tá sé tábhachtach cuspóir seasmhach fadtéarmach a bheith ag an tionscal ó thaobh a chuid feithiclí a chur in oiriúint don reachtaíocht nua.

### 3.2. Barúlacha maidir leis na leasuithe a ghlac Parlaimint na hEorpa

*3.2.1. Leasuithe Pharlaimint na hEorpa atá san áireamh ina n-iomláine, i bpáirt nó i bprionsabal sa seasamh ón gComhairle ar an gcéad léamh*

Cuimsíonn an seasamh ón gComhairle ar an gcéad léamh formhór mór na leasuithe a thug Parlaimint na hEorpa isteach, go háirithe, formhór na n-aithrisí breise a mhol Parlaimint na hEorpa, ailíniú an nós imeachta tástála leis an nós imeachta tástála a forbraíodh faoi choimirce Choimisiún Eacnamaíochta na Náisiún Aontaithe don Eoraip (UNECE), agus tabhairt isteach rian tástála nua agus aicmiú feithiclí nua.

Maidir le teorainnluachanna, tá an seasamh ón gComhairle an-chosúil le togra tosaigh an Choimisiúin maidir le teorainneacha deiridh, ach tá dáta cur i bhfeidhm níos déanaí aige. D'fhormhór na gcatagóirí feithiclí, is féidir í a mheas freisin mar chéim eile tar éis na céime deiridh a mhol Parlaimint na hEorpa ina seasamh ar an gcéad léamh. Is féidir leis an gCoimisiún tacú leis mar chomhréiteach.

Tá glactha ag an gComhairle leis an leasú ar an gceanglas maidir le leibhéal fuaime feithiclí a lipéadú, leasú a cheap lucht díolta feithicilí agus a mhol an Pharlaimint. Mar sin féin, chinn an Chomhairle gan an ceanglas sin a dhéanamh éigeantach sula gcríochnódh an Coimisiún measúnú tionchair ar na himpleachtaí a bheadh ag ceanglas éigeantach den sórt sin. Ní raibh an cheist sin mar chuid den togra tosaigh ón gCoimisiún, ach is féidir tacú leis mar chuid den phacáiste.

Thacaigh an Chomhairle le leasú Pharlaimint na hEorpa lena gceanglaítear córas aláraim feithicle fuaimiúla (ar a dtugtar "AVAS") a fheistiú ar fheithiclí leictreacha agus hibrideacha. Ba cheart a mheabhrú nach raibh ach feistiú roghnach sa togra tosaigh ón gCoimisiún. Is féidir leis an gCoimisiún tacú leis an leasú ón gComhairle mar tugann sé isteach, leis, aga tionscanta 3–5 bliana a fhágfaidh go bhféadfar ceanglais theicniúla níos mionsonraithe ar cheadú córas den sórt sin a fhorbairt agus a thabharfaidh am don tionscal a chuid táirgí a chur in oiriúint do na ceanglais nua.

An leasú ó Pharlaimint na hEorpa a thug isteach tagairt do Rialachán (CE) Uimh. 765/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Iúil 2008 lenar leagadh amach na ceanglais maidir le creidiúnú agus faireachas margaidh a bhaineann le táirgí[1] a mhargú, glacadh leis mar aithris sa seasamh ón gComhairle. Is féidir leis an gCoimisiún tacú leis sin freisin.

Is féidir tacú chomh maith leis na soiléirithe a rinne an Chomhairle agus an Pharlaimint ar an téacs a dhréachtaigh an Choimisiún.

*3.2.2. Leasuithe ó Pharlaimint na hEorpa nach bhfuil ar áireamh sa seasamh ón gComhairle ar an gcéad léamh*

Bhraith an Chomhairle nár chuí an leasú ó Pharlaimint na hEorpa á cheangal ar an gCoimisiún scrúdú a dhéanamh ar an bhféidearthacht córas rangaithe bóthaira thabhairt isteach a bheadh bunaithe ar iompar torainn rollta , bhraith sí nár chuí é a bheith in airteagal de Rialachán a bhaineann le mótarfheithiclí. Mar sin féin, d'aithin an Chomhairle gur cheart cur chuige comhtháite maidir le torann a leanúint agus go bhféadfadh léarscáileanna torainn de réir

[1] IO L 218, 13.8.2008, lch. 30.

Threoir 2002/49/CE a bhaineann le measúnú agus bainistiú torainn chomhshaoil[2] a bheith mar bhonn d'obair thaighde amach anseo faoi aicmiú dhromchla an bhóthair. Tacaíonn an Coimisiún leis sin.

Maidir le gníomhartha tarmligthe, níor fhéad an Chomhairle tacú le cumhachtaí neamhtheoranta a bheith ag an gChoimisiún chun eilimintí neamhriachtanacha na nIarscríbhinní a (rud a moladh i dtogra an Choimisiúin) a nuashonrú ná le athnuachán intuigthe na gcumhachtaí (rud a moladh i dtogra na Parlaiminte). I gcomparáid le togra Pharlaimint na hEorpa, chuir an Chomhairle srian freisin le líon na n-Iarscríbhinní is féidir leis an gCoimisiún a leasú. Ó thaobh na praiticiúlachta, is oth leis an gCoimisiún an cinneadh seo (beidh gá leis an ngnáthnós imeachta reachtach tar éis cúig bliana fiú le haghaidh athruithe beaga sna hIarscríbhinní) ach is féidir leis glacadh leis mar chuid den chomhréiteach deiridh idir na comhreachtóirí.

### 3.3. Forálacha nua á dtabhairt isteach leis an seasamh ón gComhairle agus ón gCoimisiún

Thug an Chomhairle roinnt leasuithe teicniúla isteach, go háirithe chun an nasc a dhéanamh soiléir idir an Rialachán nua seo agus an Treoir réime 2007/46/CE lenar bunaíodh creat maidir le formheas mótarfheithiclí agus a leantóirí, agus córais, comhpháirteanna agus aonaid theicniúla ar leith atá beartaithe le haghaidh feithiclí den sórt sin[3]. Is féidir tacú leis sin.

Thug an Chomhairle ceanglais bhreise isteach freisin chun tástálacha ródacmhainneachta agus seiceálacha cois bóthair ar fheithiclí hibrideacha a éascú. Is féidir tacú leis sin.

## 4. CONCLÚID

Cé gurb oth leis an gCoimisiún ar chúiseanna praiticiúla cinneadh na Comhairle an tarmligean chuig an gCoimisiún a shrianadh do líon teoranta Iarscríbhinní agus do thréimhse socraithe cúig bliana, feictear don Choimisiún nach bhfuil aon bhealach eile chun ligean don nós imeachta leanúint ar aghaidh ach staonadh ó chur ina choinne.

Ghníomhaigh an Chomhairle trí thromlach cáilithe.

Mar fhocal scoir, tacaíonn an Coimisiún, de mheon comhréitigh, leis an seasamh a ghlac an Chomhairle.

[2] IO L 189, 18.7.2002, lch. 12.
[3] IO L 263, 9.10.2007, lch. 1.